Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10608/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0143 (NLE)**

**UD 182**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 278 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 278 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 278 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
COM(2026) 278 final

2026/0143 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh réime lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais ag cruinnithe den Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) a bhaineann le hullmhú agus glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú, comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, ar cuid lárnach den Choinbhinsiún sin é de bhun Airteagal 2 de.

Is é is aidhm dó teacht in ionad Chinneadh (AE) 2023/2898 ón gComhairle an 19 Nollaig 2023[1], a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2026.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm aige an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe faoi Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC a áireamh ina raon feidhme, arb é an moladh deireanach é a glacadh le Cinneadh (AE) 2025/1308 ón gComhairle[2].

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí

Is é is aidhm don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (Coinbhinsiún CC) trádáil idirnáisiúnta, bailiú staidrimh agus déanamh comparáide agus anailíse ar staidreamh a éascú, go háirithe staidreamh a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta. Áirítear leis mar Iarscríbhinn Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe (Ainmníocht CC), córas idirnáisiúnta comhchuibhithe lena bhféadfaidh tíortha atá rannpháirteach earraí trádáilte a aicmiú ar bhonn coiteann chun críoch custaim. Go háirithe, áirítear le hAinmníocht CC tuairisc ar na hearraí, atá leagtha síos mar cheannteidil agus fo-cheannteidil, agus na cóid uimhriúla lena mbaineann, bunaithe ar chóras cóid 6-dhigit. Déantar athbhreithniú ar Ainmníocht CC gach 5 bliana[3]. Cuireann níos mó ná 190 lucht riaracháin i bhfeidhm í ar fud an domhain; dá bharr sin, aicmítear níos mó ná 98 % d'earraí trádáilte ar domhain dá réir.

Tháinig Coinbhinsiún CC i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

Tá an tAontas Eorpach agus gach Ballstát de ina bpáirtithe sa Chomhaontú[4].

---

[1] Cinneadh (AE) 2023/2898 ón gComhairle an 19 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léiriú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe (IO L 22.12.2023).

[2] Cinneadh (AE) 2025/1308 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) i ndáil le Moladh Airteagal 16 ó EDC lena leasaítear an Córas Comhchuibhithe (IO L 2.7.2025).

[3] Ó cuireadh tús leis in 1988, rinneadh athbhreithniú ar Ainmníocht CC seacht n-uaire. Tháinig na leaganacha athbhreithnithe sin i bhfeidhm in 1996, 2002, 2007, 2012, 2017, 2022 agus 2028.

[4] Cinneadh 87/369 ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena leasaítear é, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

## 2.2. An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC)

An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), a bunaíodh in 1952 mar an Chomhairle um Chomhar Custaim, is comhlacht idir-rialtasach neamhspleách í arb é is cuspóir léi éifeachtacht agus éifeachtúlacht na riarachán Custaim a fheabhsú. Tá 187 riarachán custaim ina gcomhalta di ar fud an domhain. Is í an Chomhairle bord rialaithe EDC. Tá vóta amháin ag gach Comhalta den Chomhairle. Déantar cinntí na Comhairle de réir tromlach dhá thrian de na Comhaltaí atá i láthair agus a bhfuil ceart vótála acu. Feidhmíonn an tAontas cearta agus oibleagáidí ar nós comhaltas ad interim san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim, go dtí go dtiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún lena mbunaítear Comhairle um Chomhar Custaim i bhfeidhm.

Is coiste teicniúil é an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe (Coiste CC) de chuid EDC atá i gceannas ar obair ullmhúcháin a bhaineann le Coinbhinsiún CC. Seo iad príomhchúraimí Choiste CC:

- Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile a ullmhú mar threoraíocht faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe, agus cumhachtaí agus feidhmeanna eile den chineál sin a fheidhmiú i ndáil leis an gCóras Comhchuibhithe mar a mheasann Comhairle EDC nó na Páirtithe Conarthacha a bheith riachtanach. Féadfaidh sé comhlachtaí ullmhúcháin a bhunú, ar nós Fochoistí agus Meithleacha.
- Moltaí a ullmhú chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm théacsanna dlíthiúla an Chórais Chomhchuibhithe, lena n-áirítear trí dhíospóidí faoi aicmiú a réiteach idir Páirtithe Conarthacha agus, dá bhrí sin, trádáil a éascú;
- Leasuithe agus nuashonruithe ar an gCóras Comhchuibhithe a mholadh chun forbairtí sa teicneolaíocht agus athruithe i ngréasáin trádála a léiriú, chomh maith le riachtanais eile de chuid úsáideoirí an Chórais Chomhchuibhithe;
- Cur i bhfeidhm forleathan an Chórais Chomhchuibhithe a chur chun cinn, agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna ginearálta agus cúrsaí beartais a bhaineann leis.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Choinbhinsiún CC, tagann Coiste CC le chéile dhá uair sa bhliain de ghnáth. Go hiarbhír, bíonn cruinnithe de Choiste CC ar siúl i mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair go ginearálta.

Níl ach aon vóta amháin ag an Aontas agus na Ballstáit le chéile i gCoiste CC. Déantar cinntí i gCoiste CC, a bhaineann le cúrsaí a chumhdaítear leis an gcinneadh réime seo, de réir tromlach simplí.

De bhun Airteagal 8(1) de Choinbhinsiún CC, scrúdaíonn Comhairle EDC tograí le haghaidh leasuithe ar an Ainmníocht, arna n-ullmhú ag Coiste CC, agus féadfaidh sí iad a mholadh do na Páirtithe Conarthacha. De bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, measfar go nglacfar leis na leasuithe a mhol Comhairle EDC mura ndéanfaidh aon Pháirtí Conarthach agóid laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis fógra a thabhairt dóibh.

De bhun Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú, comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhaítear le linn seisiún de Choiste CC, meastar iad go léir a bheith faofa ag Comhairle EDC i gcás, ó dheireadh an dara mí tar éis na míosa ar dúnadh an seisiún sin inar glacadh iad, nach bhfuil fógra ó aon Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún CC tugtha d'Ard-Rúnaí EDC ina n-iarrann sé go ndéanfaidh Coiste CC athscrúdú orthu nó go gcuirfear faoi bhráid na Comhairle iad.

De bhun Airteagal 8(4) de Choinbhinsiún CC, i gcás ina gcuirtear ábhar faoi bhráid Chomhairle EDC faoi fhorálacha mhír 2 den Airteagal seo, formheasfaidh Chomhairle EDC Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú, comhairle nó moltaí eile den chineál sin, ach amháin má iarrann aon Chomhalta de Chomhairle EDC is Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún sin é go gcuirfear faoi bhráid Choiste CC iad, ina n-iomláine nó i bpáirt lena n-athscrúdú.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe

An cinneadh réime atá molta, baineann sé leis na gníomhartha seo a leanas, dá dtagraítear in airteagal 7(1)(a), (b) agus (c) de Choinbhinsiún CC, a ndearna Coiste CC iad a mheas agus a ghlacadh go sealadach, faoi réir formheas ó Chomhairle EDC trí 'nós imeachta an tosta':

- Nótaí Míniúcháin lena dtugtar léirmhíniú ar na nótaí, na ceannteidil agus na fo-cheannteidil in Ainmníocht CC,
- Tuairimí maidir le hAicmiú, lena léirítear na cinntí a dhéanann Coiste CC a mhéid a bhaineann le táirgí sonracha a aicmiú,
- Comhairle agus moltaí eile a bhaineann le hearraí a aicmiú in Ainmníocht CC, ar nós cinntí maidir le haicmiú agus treoraíocht eile atá glactha ag Coiste CC.

Leis an gcreat atá beartaithe, tugtar isteach freisin catagóir nua gnímh, is é sin Moladh do na Páirtithe Conarthacha maidir le leasú ar ainmníocht CC, a bhíonn i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún de bhun Airteagal 2 de Choinbhinsiún CC, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) agus leis an nós imeachta a bhunaítear le hAirteagal 16 de. Ullmhaítear an Moladh sin laistigh de Choiste CC agus cuirtear faoi bhráid Chomhairle EDC é lena ghlacadh. De bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, molann Comhairle EDC an leasú sin ar Ainmníocht CC go tráthrialta, ar leasú é a bhíonn ina cheangal nuair a ghlacann na Páirtithe Conarthacha leis. Cé gur lean leasuithe den sórt sin timthriall thart ar 5 bliana sa chleachtas, ní leagtar síos an tréimhsiúlacht sin i gCoinbhinsiún CC. I bhfianaise a chineáil theicniúil, a lánrogha theoranta beartais agus an ghá atá le hailíniú tráthúil agus aonfhoirmeach ainmníocht taraife an Aontais lena hoibleagáidí idirnáisiúnta a áirithiú, d'fhéadfadh sé go rachadh cur i bhfeidhm an chinnidh omnibus seo chun sochair dó.

Mar sin féin, ní chumhdaítear leis an gcreat atá beartaithe leasuithe ar théacs Choinbhinsiún CC seachas an Iarscríbhinn a ghabhann le hAinmníocht CC mar a luaitear thuas.

I gcomhréir le hAirteagal 34(7)(a)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais[5], déanfaidh údaráis chustaim na mBallstát a gcinntí maidir le haicmiú a chúlghairm i gcás nach bhfuil siad ag luí a thuilleadh leis an léirmhíniú ar Ainmníocht CC de thoradh cinntí maidir le haicmiú, Tuairimí maidir le hAicmiú nó leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht CC, le héifeacht ón dháta foilsithe na Teachtaireachta ón gCoimisiún i sraith 'C' *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

### 3.1. Srianta praiticiúla maidir le hullmhú agus glacadh na seasamh ón Aontas

Ar mhaithe le rannpháirtíocht éifeachtach an Aontais i gCoiste CC, is gá comhar treisithe éifeachtúil a bheith ann idir na hInstitiúidí mar gheall ar shrianta praiticiúla maidir le seasaimh an Aontais a ullmhú agus a ghlacadh.

---

5 IO L 269 an 10.10.2013, lch. 1.

Ar an gcéad dul síos, le linn gach ceann dá dhá chruinniú bhliantúla, pléann Coiste CC líon mór saincheisteanna an-teicniúil. Léirítear i dTábla 1, le haghaidh na gcúig chruinniú dheireanacha (2023-2025), go raibh líon na míreanna teicniúla ar an gclár oibre ar a ndearna Coiste CC scrúdú an-ard i gcónaí, chomh maith le líon na gcinntí a bhfuil éifeacht dhlíthiúil acu atá le glacadh.

**Tábla 1 Cinntí Choiste CC de réir cineáil**

| 1 | **Cruinniú** | **CCC/72** | **CCC/73** | **CCC/74** | **CCC/75** | **CCC/76** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | **Dáta**[6] | 14/18-29/9/2023 | 4/6-15/3/2024 | 11/16-27/9/2024 | 5/10-21/3/2025 | 15/17-26/9/2025 |
| 3 | **Míreanna teicniúla** | **66** | **77** | **73** | **70** | **66** |
| 4 | Nótaí Míniúcháin | 3 | 12 | 7 | 6 | 2 |
| 5 | Tuairimí maidir le hAicmiú | 20 | 20 | 15 | 13 | 17 |
| 6 | Cinntí/treoraíocht maidir le hAicmiú | 31 | 33 | 20 | 41 | 29 |
| 7 | **Iomlán 4+5+6** | **9** | **64** | **42** | **60** | **48** |

Ar an dara dul síos, leanann an tAontas de bheith ar cheann de na rannpháirtithe is mó ó thaobh obair Choiste CC de, mar cuireann sé líon mór tograí agus ábhar isteach (ceisteanna ar aicmiú nó díospóidí le tríú tíortha, tograí le haghaidh leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe) a chuirtear le clár oibre Choiste CC go rialta. Chuir an tAontas 10 gcinn de mhíreanna chlár oibre CCC/72 isteach, chuir sé 5 cinn isteach le haghaidh CCC/73, 7 gcinn le haghaidh CCC/74, 4 cinn le haghaidh CCC/75, 6 cinn le haghaidh CCC/76 agus 6 cinn le haghaidh CCC/77.

Ar an tríú dul síos, tá sé dúshlánach go fóill teacht ar na doiciméid oibre agus ar na hiarscríbhinní a ghabhann leo, cé gur féidir a thabhairt faoi deara go bhfuil feabhas tagtha ar an staid, agus d'iarr an tAontas agus Páirtithe Conarthacha eile i Rúnaíocht EDC an athuair go dtabharfaí aghaidh ar an gceist sin. I rialacha nós imeachta Choiste CC (Riail 10), luaitear 'i bprionsabal, ba cheart gach bundoiciméad oibre a chur chuig na Baill den Choiste 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta an tseisiúin.' Is léir ón gcleachtas nach n-urramaítear an riail sin i ngach cás, agus go gcuirtear roinnt doiciméad agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo ar fáil, chomh maith le doiciméid chomhlántacha, ar dháta ina dhiaidh sin, maille le faisnéis theicniúil thábhachtach bhreise, léirmhíniú dlíthiúil, nó páipéar seasaimh arna gcur i láthair ag Páirtithe Conarthacha nó páirtithe leasmhara eile amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Rúnaíocht EDC.

I dTábla 2 léirítear an scéal a mhéid a bhaineann sé le hinfhaighteacht na ndoiciméad oibre agus na n-iarscríbhinní a ghabhann leo do Choiste CC le dhá bhliain anuas.

**Tábla 2 Infhaighteacht na ndoiciméad oibre agus na n-iarscríbhinní a ghabhann leo**

| **Cruinniú** | **Infhaighteacht doiciméad agus iarscríbhinní** | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

6 Lena n-áirítear Meitheal Réamh-sheisiúnach Choiste CC

| | >30lá/cruinniú | 30lá-15lá/cruinniú | <15lá/cruinniú |
|---|---|---|---|
| **CCC/72** | 78 | 7 | 1 |
| **CCC/73** | 61 | 23 | 1 |
| **CCC/74** | 67 | 10 | 5 |
| **CCC/75** | 44 | 37 | 4 |
| **CCC/76** | 71 | 4 | 7 |
| **CCC/77** | 76 | 11 | 7 |

### 3.2. Measúnú ar fheidhmiú an chreata athnuaite a tháinig i ndiaidh Chinneadh 2023/2898 ón gComhairle

Le cinneadh 2020/1707 ón gComhairle, bunaíodh creat solúbtha pragmatach chun a ráthú go ndéanfaí seasaimh an Aontais a ullmhú agus a ghlacadh ar bhealach éifeachtúil gan stró ionas gur féidir leasanna an Aontais in EDC a chosaint go héifeachtach. Rinneadh an creat sin a athnuachan le Cinneadh 2023/2898 ón gComhairle.

Ar dtús, rinne saineolaithe an Choimisiúin i réimse an aicmithe anailís chórasach ar gach mír ar an gclár oibre, rinne siad athbhreithniú ar chleachtas aicmithe na mBallstát agus d'ullmhaigh siad dréachtsheasaimh, arna gcomhlánú, nuair ba ghá, le comhairliúcháin sheachtracha le comhlachais trádála Eorpacha nó le páirtithe leasmhara eile. Pléadh na dréachtsheasaimh sin ansin le saineolaithe ó Bhallstáit sa Sainghrúpa Custaim. Tar éis don Choimisiún na dréachtsheasaimh sin a ghlacadh, tarchuireadh chuig an gComhairle iad lena bplé agus lena nglacadh sa deireadh.

Le comhar treisithe den chineál sin idir na hInstitiúidí, d'ainneoin líon ard agus chineál an-teicniúil na saincheisteanna a ndeachaigh Coiste CC i ngleic leo, agus an tráthchláir an-teoranta idir infhaighteacht doiciméad agus an plé iarbhír ag cruinnithe Choiste CC, bunaíodh seasaimh gan stró, go héifeachtúil agus ar bhealach brostaithe, rud a cheadaigh don Aontas i ngach cás a sheasaimh agus a leasanna a bhunú, a léiriú agus a chosaint go gníomhach in EDC.

Rachaidh Cinneadh 2023/2898 ón gComhairle in éag an 31 Nollaig 2026, i gcomhréir le hairteagal 3 de.

### 3.3. Cuspóir agus ábhar an togra

Is é is aidhm don togra seo Cinneadh ón gComhairle is infheidhme ar feadh tréimhse 6 bliana, go dtí an 31 Nollaig 2032, a chur in ionad Chinneadh 2023/2898 ón gComhairle, agus ar an gcaoi sin leanúnachas dlíthiúil a áirithiú lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe.

Tá sé beartaithe cinneadh nua a chur in ionad Chinneadh 2023/2898 ón gComhairle gan athruithe móra. Baineann an t-aon rud úrnua a thugtar isteach leis an Dréachtchinneadh seo lena raon feidhme a leathnú chun an Moladh a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe a chumhdach.

Na cinntí faoi chaibidil a ullmhaíonn an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe, chomh maith leis an togra le haghaidh leasú ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn an ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe arna mholadh ag an gComhairle, d'fhéadfaidís tionchar cinniúnach a imirt ar dhlí an Aontais, is é sin, Rialachán (CEE)

Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, agus an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) a ghabhann leis. Úsáidtear Cinntí maidir le hAicmiú, Tuairimí maidir le hAicmiú nó leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht CC chun tacú leis an aicmiú dá bhforáiltear i Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le haicmiú earraí in AC, sna nótaí míniúcháin a ghabhann le AC agus sna cinntí maidir le haicmiú arna n-eisiúint ag údaráis chustaim na mBallstát. Tá ceanglas ar údaráis chustaim na mBallstát a gcinntí féin maidir le haicmiú a chúlghairm i gcás nach bhfuil siad ag luí a thuilleadh leis an léirmhíniú in Ainmníocht CC mar thoradh ar na cinntí sin maidir le haicmiú , na tuairimí sin maidir le haicmiú, nó leasuithe ar Nótaí Míniúcháin CC.

I bhfianaise líon na míreanna a n-iarrtar ar Choiste CC cinneadh a dhéanamh ina leith ag gach cruinniú dá chuid, a theicniúla is atá na cinntí sin, agus an tráthchláir theoranta atá ann chun an seasamh ón Aontas a ullmhú de thoradh an fhógra ghearr lena gcuirtear na doiciméid oibre ar fáil go ginearálta, meastar go bhfuil gá le cinneadh réime ón gComhairle faoi Airteagal 218(9) CFAE, cinneadh lena mbunaítear seasamh an Aontais ar bhonn prionsabail agus critéir threoracha le haghaidh thromlach na míreanna a n-iarrtar ar an gCoiste CC cinneadh a dhéanamh ina leith (i.e. Nótaí Míniúcháin, Tuairimí agus Cinntí maidir le hAicmiú, treoraíocht nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe, chomh maithe leis an togra le haghaidh an leasaithe ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe), chun teacht in ionad Chinneadh 2023/2898 ón gComhairle, ar cinneadh é a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2026, chun leanúnachas a áirithiú, deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtúlacht a fheabhsú agus, an tráth céanna, a fhágáil nach gá cinntí aonair a ghlacadh arís agus arís eile de bhun Airteagal 218(9) CFAE. Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais in EDC ar bhonn prionsabail agus critéir threoracha, chomh maith leis na céimeanna is gá le haghaidh shonraíocht an tseasaimh ón Aontais le haghaidh gach cruinnithe, a bhunú le Cinneadh ón gComhairle a ghlacfar faoi Airteagal 218(9) CFAE ar bhonn togra ón gCoimisiún.

Chun na críche sin, bunaítear leis an togra creat ina liostaítear prionsabail agus critéir a mbunaítear an seasamh ón Aontas dá réir. Tá na prionsabail agus na critéir sin i gcomhréir le beartas custaim seanbhunaithe agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun earraí a aicmiú ag an bpointe allmhairithe de réir a ngnéithe agus a sainghnéithe oibiachtúla.

Sa seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais, ba cheart urraim a léiriú do phrionsabail an tsimplithe agus éascaithe i gcás aicmiú custaim, i gcás comhsheasmhacht leis na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, agus i gcás chur chun cinn dhea-chleachtais an Aontais ina leith sin.

Ba cheart aon sheasamh den chineál sin a threorú de réir critéir ghinearálta a shainítear i gCoinbhinsiún CC (na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú an Chórais Comhchuibhithe) agus de réir ghnéithe agus shaintréithe oibiachtúla na n-earraí. Ba cheart critéir shonracha a chur san áireamh i gcás inarb iomchuí, de thoradh chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le hearraí a aicmiú, chomh maith le haon treoraíocht a bhaineann le haicmiú custaim atá ullmhaithe ag EDC (Ainmníocht CC agus an léirmhíniú uirthi dá bhforáiltear i Nótaí Míniúcháin CC, Tuairimí agus Cinntí maidir le hAicmiú a ghlac Coiste CC) nó ag an Aontas (Ainmníocht Chomhcheangailte agus an léirmhíniú uirthi dá bhforáiltear i nótaí míniúcháin AC, Rialacháin agus Cinntí maidir le haicmiú a ghlac an Chomhairle nó an Coimisiún, nó conclúidí an Choiste um an gCód Custaim ó Roinn na hAinmníochta Taraife agus Staidrimh).

I gcomhréir le Cinneadh 2023/2898 ón gComhairle, déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas leis an togra seo le haghaidh cinneadh réime:

- Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am trátha roimh aon chruinniú de chomhlacht ábhartha EDC ag a bhféadfaí cinneadh a chumhdaítear leis an gcinneadh réime a dhéanamh.

- Féadfaidh an Chomhairle easaontú leis an seasamh atáthar a mholadh i gcás ceann amháin nó níos mó de chinntí aonair CC atá le glacadh a léiriú.

- Chun cearta an Aontais a chaomhnú agus chun é a sheachaint go mbeadh cinneadh glactha ag EDC maidir le hábhar nach féidir leis an gComhairle seasamh a ghlacadh ina leith roimh dhul in éag an sprioc-ama dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh thar ceann an Aontais go dtabharfar an t-ábhar faoi bhráid Chomhairle EDC agus faoi bhráid Choiste CC lena athscrúdú.

- I gcás ina bhfuil difear substaintiúil idir an seasamh ón Aontas agus an cinneadh a ghlac Coiste CC, tabharfaidh an Coimisiún don Chomhairle a mheasúnú i dtaobh cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar an cinneadh atá faoi chaibidil ó Choiste CC a ghlacadh nó ar cheart an t-ábhar a thabhairt faoi bhráid an Choiste CC lena athscrúdú, roimh dhul in éag an sprioc-ama dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC. Féadfaidh an Chomhairle easaontú leis an seasamh atáthar a mholadh i gcás ceann amháin nó níos mó de chinntí aonair an Chórais Chomhchuibhithe lena mbaineann a léiriú.

- I gcásanna ina measann an tAontas gur gá fógra a thabhairt faoi agóid in aghaidh an Mholta ó Chomhairle EDC a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe arna ghlacadh de bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, cuireann an Coimisiún a mheasúnú ar fáil don Chomhairle i dtaobh an féidir glacadh leis an Moladh ó Chomhairle EDC atá i gceist nó ar cheart fógra a thabhairt faoi d'Ard-Rúnaí EDC.

I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfear Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas láithreach.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[7].

[7] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v an Chomhairle, Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a mholadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais in EDC, maidir le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile mar threoraíocht le haghaidh léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoi Choinbhinsiún CC, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe.

### 4.2. Feidhm *maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe agus an Chomhairle a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo iad na gníomhartha a iarrtar ar Choiste CC a ullmhú. Na gníomhartha atá beartaithe, ar fhormheas ón gComhairle, d'fhéadfaidís tionchar cinniúnach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin: Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim. Is amhlaidh atá mar luaitear in Airteagal 34(7)(a)(iii) de Chód Custaim an Aontais[8] an méid seo a leanas: '*Déanfaidh na húdaráis chustaim cinntí FTC[9] a chúlghairm... i gcás nach mbeidh siad ag luí a thuilleadh le léiriú... atá mar thoradh ar... cinntí maidir le rangú, tuairimí nó leasuithe maidir le rangú ar na nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht na Tuairisce Comhchuibhithe Tráchtearra agus an Chórais um Chódú, a ghlac Coiste CC;*'. Thairis sin, cinntí den chineál sin a ullmhaíonn Coiste CC (cinntí maidir le haicmiú, Tuairimí maidir le hAicmiú nó leasuithe ar na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht CC), úsáidtear iad chun tacú leis an aicmiú dá bhforáiltear i Rialacháin Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le haicmiú earraí san Ainmníocht Chomhcheangailte (AC), sna nótaí míniúcháin a ghabhann le AC agus sna cinntí maidir le aicmiú arna n-eisiúint ag údaráis chustaim na mBallstát.

Maidir leis an Moladh a bhaineann le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe arna ghlacadh faoi Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, meastar go molfaidh Comhairle EDC do Pháirtithe Conarthacha CC leasuithe a dhéanamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún CC (Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe) gach 5 bliana ag an seisiún a bheidh aici i mí an Mheithimh. Measfar gur glacadh leis na leasuithe sin laistigh de 6 mhí mura ndéanfaidh Páirtí Conarthach agóid ina n-aghaidh. A luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, beidh na leasuithe ar glacadh leo ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta ar gach Páirtí Conarthach, a gceanglaítear orthu a n-ainmníochtaí taraife agus staidrimh a chur i gcomhréir leis an gCóras Comhchuibhithe leasaithe.

Dá réir sin, a luaithe a ghlacfar leis, ionchorprófar an Moladh i reachtaíocht an Aontais, is é sin in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 1(2)(a) den Rialachán sin '*Is éard a bheidh san ainmníocht chomhcheangailte: (a) ainmníocht an chórais chomhchuibhithe;*'

---

8 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, IO L 269 an 10.10.2013, lch. 1.

9 Faisnéis taraife cheangailteach: cinntí maidir le haicmiú ó na húdaráis chustaim nó oibreoirí eacnamaíocha a dhéantar roimh ré, chun deimhneacht dhlíthiúil a chinntiú faoi aicmiú agus láimhseáil taraife is infheidhme maidir le hearraí faoi réir allmhairithe nó onnmhairithe.

Leis na ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Bunús dlí substainteach

#### *4.3.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

#### *4.3.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Ós rud é go mbaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le léirmhíniú na taraife agus tabhairt i gcrích comhaontú idirnáisiúnta sa chomhbheartas tráchtála, agus le cur chun feidhme Ainmníocht CC agus Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais, is iad Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE atá i mbunús substainteach dlí an chinnidh atáthar a mholadh.

### 4.4. Conclúid

Ba cheart Airteagail 31, 43(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra do bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Foilseofar

2026/0143 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 87/369/CEE ón gComhairle[10], d’fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí[11], agus an Prótacal lena ndéantar leasú air[12] (Coinbhinsiún CC), lenar bunaíodh, *inter alia*, an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe (Coiste CC).

(2) De bhun Airteagal 7(1), pointí (a), (b) agus (c), de Choinbhinsiún CC, tá Coiste CC freagrach as Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú, comhairle eile mar threoracha maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhú, as moltaí a ullmhú chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe agus as cibé leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin a mholadh a d’fhéadfaí a mheas a bheith inmhianaithe, ag féachaint, go háirithe, do riachtanais úsáideoirí agus d’athruithe ar theicneolaíocht nó ar phatrúin trádála idirnáisiúnta.

(3) De bhun Airteagal 8(1) de Choinbhinsiún CC, scrúdaíonn Comhairle EDC tograí chun an Coinbhinsiún sin a leasú, arna n-ullmhú ag an gCoiste um an gCóras Comhchuibhithe, agus molann sí do na Páirtithe Conarthacha iad faoi nós imeachta Airteagal 16 mura n-iarrann aon Chomhalta den Chomhairle is Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún sin na tograí nó aon chuid díobh a chur faoi bhráid an Choiste lena n-athscrúdú. De bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, glacann Comhairle EDC, mar riail ghinearálta, gach 5 bliana Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú, ós rud é, a luaithe a ghlacfar leis i gcomhréir le hAirteagal 16 de

10 Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí agus an Prótacal lena ndéantar Leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

11 IO L 198, 20.7.1987, lch. 3.

12 IO L 198, 20.7.1987, lch. 11.

Choinbhinsiún CC, go mbeidh an Moladh ina cheangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle.

(4) De bhun Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú, comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhaítear le linn seisiún de Choiste CC ('cinntí ó Choiste CC'), measfar iad a bheith faofa ag Comhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC) i gcás nach bhfuil, tráth nach déanaí ná deireadh an dara mí tar éis na míosa ar dúnadh an seisiún ar lena linn a glacadh iad, fógra ó aon Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún CC tugtha d'Ard-Rúnaí EDC ina n-iarrann sé go ndéanfadh Coiste CC athscrúdú orthu nó go gcuirfí faoi bhráid Chomhairle EDC iad.

(5) De bhun Airteagal 8(4) de Choinbhinsiún CC, i gcás ina gcuirtear ábhar faoi bhráid na Comhairle faoi fhorálacha mhír 2 den Airteagal seo, formheasfaidh an Chomhairle Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú, comhairle nó moltaí eile den chineál sin, ach amháin má iarrann aon Chomhalta den Chomhairle is Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún é go gcuirfear faoi bhráid Choiste CC iad, ina n-iomláine nó i bpáirt lena n-athscrúdú.

(6) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in EDC maidir le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú Choinbhinsiún CC a áirithiú, chomh maith leis an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, is iomchuí an seasamh sin a bhunú ós rud é go mbeidh na cinntí sin atá i gceist a ullmhaíonn Coiste CC in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, go háirithe Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[13].

(7) Is chun leasa an Aontais é go mbunaítear na seasaimh a léiríonn an tAontas i gCoiste CC de réir prionsabail, critéir agus treoshuíomhanna lena rialaítear aicmiú earraí de réir taraife. Is chun leasa an Aontais é freisin go mbunaítear seasaimh den chineál sin go tapa chun é a chur ar a chumas don Aontas a chearta a fheidhmiú i gCoiste CC.

(8) Chun cearta an Aontais a chaomhnú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a iarraidh thar ceann an Aontais go gcuirfí an t-ábhar faoi bhráid Chomhairle EDC agus faoi bhráid Choiste CC lena athscrúdú de bhun Airteagal 8(2) de Choinbhinsiún CC, chun é a sheachaint go nglacfaí cinneadh maidir le hábhar nach féidir leis an gComhairle seasamh a ghlacadh ina leith roimh dhul in éag an sprioc-ama dá bhforáiltear in Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, nó a bhfuil seasamh glactha ag an gComhairle ina leith atá éagsúil, ó thaobh substainte de, leis an gcinneadh a ghlac Coiste CC.

(9) I bhfianaise a athraithí agus a theicniúla atá aicmiú na n-earraí faoi Choinbhinsiún CC, i bhfianaise líon ard na gceisteanna a phléitear i rith an dá chruinniú de Choiste CC a reáchtáiltear gach bliain, agus i bhfianaise na tréimhse giorra ama a bhíonn ar fáil chun na doiciméid a eisíonn Rúnaíocht EDC agus Páirtithe Conarthacha a mheas mar ullmhúchán do chruinnithe Choiste CC agus an gá a bhíonn ann, dá bhrí sin, go gcuirfí faisnéis nua a chuirtear i láthair roimh na cruinnithe sin nó lena linn san áireamh sa

[13] Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

seasamh ón Aontas agus go ngníomhófaí ar an bhfaisnéis sin, ba cheart na bearta is gá a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais mar a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chun an seasamh ón Aontas a shonrú.

(10) Le Cinneadh (AE) 2023/2898 ón gComhairle[14], bunaíodh nós imeachta éifeachtúil brostaithe chun an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais a bhunú maidir le formheas na Nótaí Míniúcháin, na dTuairimí maidir le hAicmiú nó na comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe a chinntiú faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus maidir le gníomhartha den chineál sin a ullmhú san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim. Ós rud é go rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2026, is iomchuí Cinneadh nua a chur ina ionad chun leanúnachas a áirithiú, agus deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

(11) Ó tharla gur go déanach, arís agus arís eile, a bhíonn fáil ar na doiciméid oibre roimh chruinnithe Choiste CC, agus chun cearta agus leasanna an Aontais a chaomhnú laistigh de EDC, ba cheart don Choimisiún a seacht ndícheall a dhéanamh iarraidh ar Rúnaíocht EDC a áirithiú go mbeidh doiciméid oibre ar fáil i gcomhréir le rialacha nós imeachta Choiste CC, ionas go seolfar na doiciméid sin 30 lá ar a laghad roimh thús an tseisiúin ábhartha.

(12) Chun a áirithiú go mbeidh an Chomhairle in ann, ar bhonn rialta, measúnú a dhéanamh ar an mbeartas atá sa Chinneadh seo agus, i gcás inarb iomchuí, é a athbhreithniú, agus de réir mheon an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) CAE, ba cheart teorainn ama a chur le bailíocht an Chinnidh seo.

(13) Chun seasamh an Aontais a choinneáil ar bun maidir le Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe a fhormheas agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus maidir le hullmhú na ngníomhartha sin in EDC tar éis Cinneadh (AE) 2023/2898 a dhul in éag an 31 Nollaig 2026, agus maidir leis an Moladh ó Chomhairle EDC i dtaca le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe a ghlactar de bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2027 agus, dá bhrí sin, ba cheart é a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is i gcomhréir leis na prionsabail, na critéir agus na treoshuíomhanna a leagtar síos i Roinn I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais maidir le formheas Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe a chinntiú faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe agus maidir leis an Moladh ó Chomhaire EDC a bhaineann le leasú a

[14] Cinneadh (AE) 2023/2898 ón gComhairle an 19 Nollaig 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léiriú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe (IO L 22.12.2023).

dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe a ghlactar de bhun Airteagal 16 de Choinbhinsiún CC, agus maidir leis na gníomhartha sin a ullmhú san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim.

*Airteagal 2*

Maidir le seasamh an Aontais a ghlacfar faoi Airteagal 1 a shonrú, déanfar é i gcomhréir leis an tsonraíocht a leagtar síos i Roinn II den Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2032.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*